

## An samhradh amach romhainn

### Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi na pleananna atá ag an rialtas maidir le srianta COVID-19. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?

1. le maolú	a. <i>ecclesiastical services</i>
2. dhearbhaigh sé	b. <i>to loosen restrictions</i>
3. Príomh-Aoire	c. <i>he confirmed</i>
4. srianta a scaoileadh	d. <i>hairdressers and barbers</i>
5. cliceáil agus bailigh	e. <i>necessary</i>
6. riachtanach	f. <i>to be eased</i>
7. gruagairí & bearbóirí	g. <i>click and collect</i>
8. seirbhísí eaglasta	h. <i>galleries</i>
9. dánlanna	i. <i>supporting businesses</i>
10. ag tacú le gnólachtaí	j. <i>Chief Whip</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10



Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

### Ceist 2

Féach ar an tuairisc arís agus abair an bhfuil na ráitis seo fíor nó bréagach.

1. D'fhógair an Taoiseach na srianta nua a chuirfear i bhfeidhm agus é ar cuairt i zú.
2. Beidh tú in ann teach a thógáil i mí na Bealtaine más mian leat.
3. Beidh gach saghas siopa oscailte ag tús mhí na Bealtaine.
4. Beidh tú in ann dul ag traenáil le seacht nduine dhéag nó níos lú.
5. Deir Mairéad Farrell gur gá glacadh le comhairle na saineolaithe.

6. Tá Barry Ward den tuairim nár cheart do bhialanna nó tithe tábhairne oscailt i rith an tsamhraidh.

**Ceist 3** Féach ar an tuairisc den dara huair agus bain úsáid as na focail ó **Ceist 1** thuas, chun cur síos a dhéanamh don duine in aice leat ar ábhar na míre.

**Ceist 4** An Aimsir Fháistineach

- A. Féach ar an mír arís agus breac síos gach sampla a chloiseann tú inti den bhriathar saor san aimsir fháistineach.  
B. Féach ar na briathra mírialta san aimsir fháistineach agus líon na bearnaí.

<b>abair</b>	An ndéarfaidh tú? Déarfaidh/ Ní déarfaidh
<b>beir</b>	An _____ tú? Béarfaidh/ Ní bhéarfaidh
<b>clois</b>	An gcloisfidh tú? _____ / Ní chloisfidh
<b>déan</b>	An ndéanfaidh tú? Déanfaidh/ Ní _____
<b>faigh</b>	An bhfaighidh tú? Gheobhaidh/ Ní _____
<b>feic</b>	An _____ tú? Feicfidh / Ní fheicfidh
<b>ith</b>	An íosfaidh tú? _____ / Ní íosfaidh
<b>tabhair</b>	An dtabharfaidh tú? _____ / Ní thabharfaidh
<b>tar</b>	An dtiocfaidh tú? Tiocfaidh/ Ní _____
<b>téigh</b>	An _____ tú? Rachaidh/ Ní rachaidh
<b>bí</b>	An mbeidh tú? Beidh/ Ní _____

- C. Cuir ceisteanna ar an duine in aice leat faoi na pleananna atá acu don deireadh seachtaine. Bain úsáid as na briathra mírialta san aimsir fháistineach thuas.

**Ceist 5** Mí an Mheithimh

1. Cad iad míonna na bliana?
2. Cuir an focal 'mí' rompu anois agus déan cibé athrú is gá.
3. Cén dáta atá do bhreithlá?
4. Cén dáta a rugadh na daoine eile i do rang?

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cad é an chéad siopa a rachaidh tú chuige chomh luath is atá na srianta ar fad scaoilte?
2. Cad é an rud is mó a chonaigh tú le linn na dianghlasála?
3. Conas a bheidh an samhradh seo difriúil ón samhradh seo caite, dar leat?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
f	c	j	b	g	e	d	a	h	i

### Ceist 2

1. Bréagach.
2. Fíor.
3. Bréagach. Oslófar na siopaí riachtanacha de réir a chéile.
4. Bréagach. Le cúig dhuine dhéag nó níos lú.
5. Fíor.
6. Bréagach. Ba cheart, más féidir leis na custaiméirí a bheith taobh amuigh.

### Ceist 3

Féach an script

### Ceist 4

#### A.

- scaoilfear
- go gceadófar x2
- ceadófar x2
- go n-osclófar x2
- osclófar
- déanfar

#### B

- abair** An ndéarfaidh tú? Déarfaidh/ Ní déarfaidh  
**beir** An mbéarfaidh tú? Béarfaidh/ Ní bhéarfaidh  
**clois** An gcloisfidh tú? Cloisfidh/ Ní chloisfidh  
**déan** An ndéanfaidh tú? Déanfaidh/ Ní dhéanfaidh  
**faigh** An bhfaighidh tú? Gheobhaidh/ Ní bhfaighidh  
**feic** An bhfeicfidh tú? Feicfidh / Ní fheicfidh  
**ith** An íosfaidh tú? Íosfaidh/ Ní íosfaidh  
**tabhair** An dtabharfaidh tú? Tabharfaidh/ Ní thabharfaidh  
**tar** An dtiocfaidh tú? Tiocfaidh/ Ní thiocfaidh  
**téigh** An rachaidh tú? Rachaidh/ Ní rachaidh  
**bí** An mbeidh tú? Beidh/ Ní bheidh

#### C

Cleachtadh cainte é seo.

### Ceist 5

- Eanáir (mí Eanáir)  
Feabhra (mí Feabhra)  
Márta (mí an Mhárta)  
Aibreán (mí Aibreáin)  
Bealtaine (mí na Bealtaine)  
Meitheamh (mí an Mheithimh)  
Iúil (mí Iúil)  
Lúnasa (mí Lúnasa)  
Meán Fómhair (mí Mheán Fómhair)  
Deireadh Fómhair (mí Dheireadh Fómhair)  
Samhain (mí na Samhna)  
Nollaig (mí na Nollag)

### Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

**Siún Nic Gearailt**

Déanfaidh an rialtas cinneadh an tseachtain seo faoi na srianta a bheidh le maolú an mhí seo chugainn agus sa samhradh. Dhearbhaigh Príomh-Aoire an Rialtais, Jack Chambers, inniu, gur ‘amuigh faoin aer’ an téama a bheidh ann do gach aon duine sna seachtainí amach romhainn.

**Sorcha Ní Riada**

Bhí an Taoiseach, Micheál Martin, ar cuairt sa zú inniu agus an tuairimíocht ag leanúint ar aghaidh mar gheall ar an bhfógra a bheidh á dhéanamh ag an Rialtas níos déanaí an tseachtain seo, mar gheall ar thuilleadh srianta a scaoileadh. Tá an Rialtas tar éis a bheith soiléir go maith mar gheall ar chuid de na srianta a scaoilfear i mí Bealtaine. Deir siad go gceadófar gach aon saghas tógála. Ceadófar cliceáil agus bailigh; agus siopadóireacht nach bhfuil riachtanach de réir a chéile. Táthar ag súil leis, go n-osclófar na gruagairí agus bearbóirí agus siopaí áilleachta leath slí tríd an mí; agus ceadófar seirbhísí eaglasta. Osclófar músaeim agus dánlanna agus i dtreo dheireadh na míosa, meastar go gceadófar traenáil do dhaoine fásta i ngrúpaí de chúigear déag<sup>1</sup> mar aon le traenáil de chlubanna Lúthchleas Gael.

Agus, tá sé ráite ag an Taoiseach cheana féin go n-osclófar óstáin agus tithe lóistín i mí Meithimh. Ach i measc na gceisteanna móra fós le réiteach, cad faoi chúrsaí bia agus tithe tábhairne, agus ócáidí beo?

**Jack Chambers TD, Príomh-Aoire an Rialtais**

Tá an Rialtas ag obair ar phlean chun tacú le gnólachtaí agus mar a dúirt an Taoiseach, beidh téama an tsamhraidh seo: Amuigh san aer.

**Mairéad Farrell TD, Sinn Féin**

Ar ndóigh tá daoine ag súil go mbeadh oscailt de chineál éigin ann ach caithfidimid éisteacht leis an méid atá á rá ag NPHE<sup>2</sup> agus leis an gcomhairle sláinte poiblí.

**An Seanadóir Barry Ward, Fine Gael**

Tá a fhios againn nach bhfuil an fhadhb chéanna ann nuair atáimid amuigh faoin spéir mar atá nuair atáimid taobh istigh. So, más féidir rud éigin [a dhéanamh] ... do bhialanna agus do thithe tábhairne fiú, má tá siad taobh amuigh, cinnte ba cheart dúinn é sin a dhéanamh.

**Sorcha Ní Riada**

Déanfar fógra tar éis an chruinnithe rialtais, Déardaoin.

Sorcha Ní Riada, Nuacht TG4 i dTeach Laighean.

---

<sup>1</sup> *cúig dhuine dhéag* an leagan caighdeánach

<sup>2</sup> *Foireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí* an leagan oifigiúil as Gaeilge